



Uimh. 32 de 2009

AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (LEASÚ) 2009

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal.
2. Mínithe.

CUID 2

COIREACTH EAGRAITHE

3. Leasú ar alt 70 d'Acht 2006 – an míniú ar “eagraíocht choiriúil”, etc.
4. Leasú ar alt 71 d'Acht 2006.
5. Gníomhaíochtaí eagraíochta coiriúla a stiúradh.
6. Coireacht eagraithe: is cion é páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí áirithe nó rannchuidiú le gníomhaíochtaí áirithe.
7. Forálacha fianaise maidir le cruthúnas gurb ann d'eagraíocht choiriúil.
8. Cionta áirithe faoi Chuid 7 d' Acht 2006 le bheith ina gcionta sceidealta.
9. Alt nua 72A d'Acht 2006.
10. Leasú ar alt 73 d'Acht 2006.
11. Leasú ar alt 74 d'Acht 2006.
12. Alt nua 74A d'Acht 2006.
13. Alt nua 74B d'Acht 2006.
14. Alt nua 26A d'Acht 2007 agus leasú ar Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht sin.

15. Leasú ar an Acht um Bannaí 1997.
16. Méadú ar phionós mar gheall ar imeaglú finnéithe, giúróirí, etc.
17. Leasú ar an Acht um Nós Imeachta Coiriúil 1967.

CUID 3

CIONTA FAOI ACHTACHÁIN ÁRITHE: FORÁIL MAIDIR LE HÉIFEACHT SHEACH-CHRÍOCHACH

18. Leasú ar alt 7 d'Acht 1939.
19. Leasú ar ailt 7 agus 8 d'Acht 1997.
20. Leasú ar alt 41 (míreanna substaintiúla de chion) d'Acht 1999.

CUID 4

LEASUITHE MAIDIR LE CUMHACHTAÍ COINNEÁLA AGUS ATHGHABHÁLA

21. Leasú ar ailt 30 agus 30A d'Acht 1939.
22. Leasú ar ailt 2, 4, 5 agus 11 d'Acht 1996.
23. Leasú ar ailt 50, 51, agus 52 d'Acht 2007.
24. Leasú ar ailt 4, 9, agus 10 d'Acht 1984.

CUID 5

ILGHNÉITHEACH

25. Gníomhaíochtaí eagraíochta neamhdhleathaí a stiúradh.
 26. Éistfear iarratais ar bharántais chuardaigh ar shlí seachas go poiblí.
-



Uimh. 32 de 2009

AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (LEASÚ) 2009

[An tiontú oifigiúil]

ACHT—

- (a) DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE BEARTA BREISE I LEITH COIREACHT EAGRAITHE A CHOMHRAC AGUS, GO hÁIRITHE, I LEITH CUR I gCOINNE NA LEIBHÉAL MÉADAITHE FORÉIGIN AGUS IMEAGLAITHE ARNA DHÉANAMH AR DHAOINE DEN PHOBAL AG EAGRAÍOCHTAÍ COIRIÚLA AGUS DÁLAÍ A ÁIRITHIÚ INA bhFÉADFAR, I gCÚRSA CUÍ AN DLÍ, CIONTA ARNA nDÉANAMH ACUSAN ATÁ BAINTEACH LE hEAGRAÍOCHTAÍ DEN SÓRT SIN A IMSCRÚDÚ AGUS A IONCHÚISEAMH AGUS, CHUN NA CRÍCHE SIN, DO LEASÚ CHUID 7 DEN ACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL 2006 AGUS ACHTACHÁN ÁIRITHE EILE;
- (b) DO LEASÚ AN DLÍ I nDÁIL LE CIONTA A IMSCRÚDÚ, LENA nÁIRÍTEAR I nDÁIL LE DAOINE ATÁ FAOI DHROCHAMHRAS A CHOINNEÁIL AGUS IAD A ATHGHABHÁIL IN IMTHOSCA ÁIRITHE, AGUS DO LEASÚ THAIRIS SIN AN DLÍ CHOIRIÚIL AGUS AN NÓS IMEACHTA CHOIRIÚIL; AGUS
- (c) DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[23 Iúil, 2009]

ACHTÁITEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

1.—Féadfar an tAcht um Cheartas Coiriúil (Leasú) 2009 a ghairm Gearrtheideal den Acht seo.

Míните.

2.—San Acht seo—

ciallaíonn “Acht 1939” an tAcht um Chiontaí in Aghaidh an Stáit 1939;

ciallaíonn “Acht 1984” an tAcht um Cheartas Coiriúil 1984;

ciallaíonn “Acht 1996” an tAcht um Cheartas Coiriúil (Gáinneáil ar Dhrugaí) 1996;

ciallaíonn “Acht 1997” an tAcht um an Dlí Coiriúil 1997;

ciallaíonn “Acht 1999” an tAcht um Cheartas Coiriúil 1999;

ciallaíonn “Acht 2006” an tAcht um Cheartas Coiriúil 2006;

ciallaíonn “Acht 2007” an tAcht um Cheartas Coiriúil 2007.

CUID 2

COIREACHT EAGRAITHE

Leasú ar alt 70
d’Acht 2006 – an
míniú ar
“eagraíocht
choiriúil”, etc.

3.—(1) Leasaítear alt 70(1) d’Acht 2006—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhíните ar
“eagraíocht choiriúil”:

“ciallaíonn ‘eagraíocht choiriúil’ grúpa struchtúrtha, cibé
caoi a n-eagraítear é, arb é a phríomhchuspóir nó a
phríomh-ghníomhaíocht cion tromaí a dhéanamh nó a
éascú;”;

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhíните ar
“grúpa struchtúrtha”:

“ciallaíonn ‘grúpa struchtúrtha’ grúpa de thriúr nó níos
mó, nach dtagann le chéile go hamasach chun cion aonair
a dhéanamh láithreach, agus ar d’fhonn iad a bheith ag
gníomhú de chomhbheart atá beirt nó níos mó de na
daoine sin páirteach ann; chun amhras a sheachaint,
féadfaidh grúpa struchtúrtha a bheith ann d’ainneoin gach
ceann nó aon cheann díobh seo a leanas gan a bheith ann:

(a) rialacha foirmiúla nó comhaltas foirmiúil, nó
aon rólanna foirmiúla dóibh siúd atá páirteach
sa ghrúpa;

(b) aon struchtúr céimiúil nó ceannaireachta;

(c) daoine a bheith páirteach go leanúnach sa
ghrúpa.”.

(2) Leasaítear alt 70 d’Acht 2006 tuilleadh tríd an bhfo-alt seo a
leanas a chur isteach:

“(3) Chun críocha na dtagairtí in ailt 71(2)(d) agus
74(1)(b)(i) do ghnáthchónaí a bheith ar dhuine sa Stát, measfar
cónaí a bheith ar dhuine amhlaidh, ar an dáta a rinneadh an
cion lena mbaineann alt 71(1) nó 74(1), de réir mar a bheidh,

más rud é, ar feadh na tréimhse 12 mhí díreach roimh an dáta sin, go bhfuil a phríomháit chónaithe nó a príomháit chónaithe ag an duine sa Stát.”.

4.—Leasaítear alt 71 d’Acht 2006—

Leasú ar alt 71
d’Acht 2006.

- (a) i bhfo-alt (2)(d), trí “duine ar a bhfuil gnáthchónaí sa Stát” a chur in ionad “duine gan stát a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi sa Stát”, agus
- (b) trí fho-alt (5) a scríosadh.

5.—Leasaítear Acht 2006 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 71:

Gníomhaíochtaí
eagraíochta coiriúla
a stiúradh.

“Cion arb éard é eagraíocht choiriúil a stiúradh.

71A.—(1) San alt seo—

(a) ciallaíonn ‘stiúran’ i ndáil le gníomhaíochtaí—

- (i) na gníomhaíochtaí a rialú nó maoirsiú a dhéanamh orthu, nó
- (ii) ordú, ordachán nó treoir a thabhairt, nó iarraidh a dhéanamh, maidir le seoladh na ngníomhaíochtaí;

(b) folaíonn tagairtí do ghníomhaíochtaí tagairtí—

- (i) do ghníomhaíochtaí a sheoltar lasmuigh den Stát, agus
- (ii) do ghníomhaíochtaí nach cion ná cionta.

(2) Maidir le duine a stiúran, ag aon leibhéal de struchtúr na heagraíochta, gníomhaíochtaí eagraíochta coiriúla, tá sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú ar díotáil, príosúnacht saoil nó téarma príosúnachta is lú a chur air nó uirthi.

(3) Maidir le haon ráiteas arna dhéanamh ag an gcosantóir ó bhéal, i scríbhinn nó ar shlí eile, nó aon iompar dá chuid nó dá cuid, asarb intuigthe go raibh, nó a bhféadfaí tátal réasúnach a bhaint as go raibh, sé nó sí tráth ábhartha ag stiúradh gníomhaíochtaí eagraíochta coiriúla, beidh sé inghlactha mar fhianaise, in imeachtaí maidir le cion faoin alt seo, go raibh an cosantóir á dhéanamh sin an tráth sin.

(4) In imeachtaí faoin alt seo, féadfaidh an chúirt nó an giúiré, de réir mar a bheidh, le linn di nó dó a chinneadh an bhfuil cion faoin alt seo déanta, breithniú a dhéanamh freisin, de bhreis ar aon fhianaise iomchuí eile, ar na nithe seo a leanas—

- (a) aon fhianaise ar phatrún iompair ó thaobh an chosantóra a bheadh ag teacht leis an tátal go raibh gníomhaíochtaí na heagraíochta lena mbaineann á stiúradh aige nó aici an tráth ábhartha, agus
- (b) gan mír (a) ná fo-alt (3) a theorannú—
 - (i) an amhlaidh go bhfuair an cosantóir aon tairbhe ón eagraíocht lena mbaineann, agus
 - (ii) aon fhianaise i dtaobh seilbh a bheith ag an gcosantóir ar cibé airceadail nó doiciméid nó taifid eile as a n-eascródh amhras réasúnach go raibh na hairceadail, na doiciméid nó na taifid eile sin ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú chun críche a bhaineann le gníomhaíochtaí na heagraíochta lena mbaineann a stiúradh.

(5) Maidir le haon doiciméad nó taifead eile ón eagraíocht lena mbaineann nó a airbheartaíonn gur ón gcéanna é, agus asarb intuigthe an méid seo a leanas—

- (a) (i) ordachán nó ordú nó treoír a bheith á thabhairt nó á tabhairt ag an gcosantóir, an tráth lena mbaineann, d'aon duine atá páirteach san eagraíocht, nó
 - (ii) iarraidh a bheith á déanamh ag an gcosantóir, an tráth sin, ar dhuine atá páirteach amhlaidh,
- nó
- (b) cúnaimh nó treoír a bheith á iarraidh nó á iarraidh ag duine atá páirteach amhlaidh, an tráth sin, ar an gcosantóir,

beidh sé, in imeachtaí mar gheall ar chion faoin alt seo, inghlactha mar fhianaise ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta lena mbaineann a bheith á stiúradh ag an gcosantóir an tráth ábhartha.

(6) San alt seo tá le “doiciméad nó taifead eile” an bhrí chéanna atá leis in alt 71B.”.

Coireacht eagraithe: is cion é páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí áirithe nó rannchuidiú le gníomhaíochtaí áirithe.

6.—Leasaítear Acht 2006 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 72:

“Is cion é páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí áirithe nó rannchuidiú le gníomhaíochtaí áirithe. 72.—(1) Tá duine ciontach i gcion más rud é go ndéanann sé nó sí, agus a fhios aige nó aici gurb ann don eagraíocht dá dtagraítear san fho-alt seo, páirt a ghlacadh in aon ghníomhaíocht (cibé acu is cion nó nach ea), nó rannchuidiú leis an gcéanna—

- (a) agus ceann díobh seo a leanas ar intinn aige nó aici—

(i) cur le cumas eagraíochta coiriúla
nó aon duine dá comhaltaí, nó

(ii) a éascú d'eagraíocht choiriúil nó
d'aon duine dá comhaltaí,

cion tromaí a dhéanamh, nó

(b) le meargántacht i dtaobh cibé acu an
bhféadfaí, de bharr an pháirteachais nó
an rannchuidithe sin—

(i) cur le cumas eagraíochta coiriúla
nó le haon duine dá comhaltaí, nó

(ii) a éascú d'eagraíocht coiriúla nó
d'aon duine dá comhaltaí,

cion tromaí a dhéanamh.

(2) Aon duine atá ciontach i gcion faoin alt seo,
dlífear, ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nó
príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 15
bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(3) An tagairt i bhfo-alt (1) do chion tromaí a
dhéanamh, folaíonn sí tagairt do ghníomh a
dhéanamh in áit lasmuigh den Stát is cion tromaí
faoi dhlí na háite sin agus ar chion tromaí an
gníomh, dá ndéanfaí sa Stát é.

(4) In imeachtaí mar gheall ar chion faoin alt
seo, ní gá don ionchúiseamh a chruthú—

(a) go ndearna an eagraíocht choiriúil lena
mbaineann nó aon duine dá comhaltaí,
go hiarbhír, de réir mar a bheidh—

(i) cion tromaí sa Stát, nó

(ii) cion tromaí faoi dhlí áite lasmuigh
den Stát, i gcás gur chion tromaí
an gníomh arb éard é an cion, dá
ndéanfaí sa Stát é,

(b) maidir le páirteachas nó rannchuidiú ag
an gcosantóir—

(i) gur chuir sé go hiarbhír le cumas na
heagraíochta coiriúla lena
mbaineann nó le haon duine dá
comhaltaí, nó

(ii) gur éascaigh sé, go hiarbhír, di nó
d'aon duine dá comhaltaí,

cion tromaí a dhéanamh, nó

(c) gurb eol don chosantóir cineál sonrath
aon chiona dá dtagraítear i bhfo-alt
(1)(a) nó (b).

(5) Le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh ar ghlac duine páirt in aon ghníomhaíocht dá dtagraítear i bhfo-alt (1), nó ar rannchuidigh duine le gníomhaíocht den sórt sin, féadfaidh an chúirt breithniú a dhéanamh, *inter alia*, ar na nithe seo a leanas—

- (a) an úsáideann an duine ainm, focal, siombail nó léiriú eile trína sainiú, nó an eagraíocht choiriúil lena mbaineann, nó atá bainteach leis an eagraíocht chéanna, nó
- (b) an bhfaigheann an duine aon tairbhe as an eagraíocht choiriúil lena mbaineann.

(6) In imeachtaí mar gheall ar chion faoin alt seo, toimhdeofar, go dtí go suítear a mhalairt, maidir leis an bpáirteachas nó an rannchuidiú (an ‘gníomh iomchuí’) ag an gcosantóir dá dtagraítear i bhfo-alt (1), go rabhthas ag gabháil dó nó á dhéanamh agus an staid mheabhrach ag an gcosantóir dá dtagraítear i mír (a) nó (b) den fho-alt sin, más rud é maidir leis na himthosca faoina ndearnadh an gníomh iomchuí—

- (a) go raibh baint ag ceachtar de na nithe seo a leanas leo—
 - (i) seilbh a bheith ag an gcosantóir, fad a bhí sé nó sí i bhfianaise duine amháin eile nó níos mó, ar aon airceadal nó ítim dá dtagraítear sa Tábla a ghabhann leis an alt seo, nó
 - (ii) aon airceadal nó ítim den chineál sin a bheith in aon fheithicil (nó, i gcás pláta clárúcháin bhréagaigh dá dtagraítear i mír 8 den Tábla sin, a bheith in aon fheithicil nó daingnithe den chéanna)—
 - (I) ar cosúil go mbaineann a húsáid leis an ngníomh iomchuí, agus
 - (II) a raibh an cosantóir agus duine amháin eile nó níos mó inti ar an dáta nó tuairim an dáta a rinneadh an gníomh iomchuí,

agus

- (b) gur imthosca iad na himthosca sin den chineál is bun le drochamhras réasúnach a bheith ann gur mar a dúradh a bhí staid mheabhrach an chosantóra an tráth a rinneadh an gníomh iomchuí.

An Tábla

1. Aon bhalacláva, culaith choire nó modh bréagreachta nó pearsanaithe eile, lena n-áirítear aon airceadal d'éide an Gharda nó aon trealamh a sholáthraítear do chomhalta den Gharda Síochána nó aithris ar an gcéanna.
2. Aon arm tine (de réir bhrí alt 1 d'Acht na nArm Teine 1925), armlón le haghaidh airm tine nó feiste ar dóigh don ghnáthbhreathnadóir cuma na réaltachta chomh mór sin a bheith uirthi nach n-aithneofaí ó arm tine í.
3. Aon scian lena mbaineann alt 9(1) d'Acht na nArm Tine agus na nArm Ionsaitheach 1990, aon arm ionsaithe de réir bhrí alt 10(2) den Acht sin, nó aon arm lena mbaineann alt 12 den Acht sin.
4. Aon acra chun buirgléireachta nó aon airceadal nó ítim eile chun rochtain a fháil ar aon áitreabh nó déanamhas eile gan cead ó úinéir nó áititheoir an chéanna, lena n-áirítear aon eochair nó cárta a goideadh nó aon chód rochtana a fuarthas go neamhdhleathach.
5. Aon phlean d'aon áitreabh nó déanamhas eile nach bhfuil baint aige le haon ghníomhaíocht, trádáil ná críoch dhleathach atá á cleachtadh ag duine amháin nó níos mó de na daoine dá dtagraítear i bhfo-alt (6)(a) nó dá bhfuil duine nó daoine den sórt sin ag gabháil.
6. Aon druga rialaithe (de réir bhrí an Achta um Mí-Úsáid Drugaí 1977).
7. Aon mhéideanna móra, in airgead tirim, d'aon airgeadra nach bhfuil baint acu le haon ghníomhaíocht, trádáil ná críoch dhleathach ná idirbheart dleathach atá á cleachtadh nó á chleachtadh ag duine amháin nó níos mó de na daoine dá dtagraítear i bhfo-alt (6)(a) nó dá bhfuil duine nó daoine den sórt sin ag gabháil.
8. Aon phláta clárúcháin feithicle bréagach, is é sin le rá, aon phláta a airbheartaíonn a bheith ina phláta i gcomhair feithicle inneallghluaiste arna clárú faoi alt 131 den Acht Airgeadais 1992 agus ar a dtaispeántar marc aitheantais seachas an ceann atá sannta go cuí ag na Coimisinéirí Ioncain faoi Chaibidil IV de Chuid II den Acht sin agus rialacháin fúithi.
9. Aon airceadal nó ítim chun aon nóta nó aon bhonn airgeadra a ghóchumadh nó chun aon chárta creidmheasa nó dochair a ghóchumadh nó a bhrionnú ar mhodh eile.
10. Aon airceadal nó ítim chun cóipeanna a dhéanamh d'aon saothar, is airceadal nó ítim de dheardh lena gcumasófar cóipeanna sáraitheacha (de réir bhrí Chuid II den Acht Cóipchirt agus

Ceart Gaolmhar 2000) den saothar a dhéanamh ar mhórsála gan toiliú úinéir an chóipchirt, agus aon airceadal nó ítim den sórt sin a choinneáil in imthosca as a gceapfaí gur dhócha go n-úsáidfí é nó í chun cóipeanna den sórt sin a dhéanamh.

11. Aon airceadal nó ítim eile atá forordaithe chun críocha fho-alt (6).”.

Forálacha fianaise maidir le cruthúnas gurb ann d’eagraíocht choiriúil.

7.—Leasaítear Acht 2006 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 71A (a cuireadh isteach le *halt* 5):

“Forálacha maidir le cruthúnas gurb ann d’eagraíocht choiriúil.

71B.—(1) In imeachtaí faoin gCuid seo, maidir le tuairim—

(a) aon chomhalta den Gharda Síochána, nó

(b) aon iarchomhalta den Gharda Síochána,

ar dealraitheach don Chúirt an saineolas cuí a bheith aige nó aici (dá ngairtear san alt seo an “saineolaí cuí”), beidh sí, faoi réir alt 74B, inghlactha i bhfianaise i ndáil leis an tsaincheist i dtaobh an amhlaidh gurb ann d’eagraíocht choiriúil áirithe.

(2) I bhfo-alt (1) ciallaíonn ‘saineolas’ taithí, eolas sainfheidhmiúil nó cáilíochtaí.

(3) Gan teorainn a chur leis na nithe a fhéadfaidh an saineolaí cuí a chur i gcuntas go cuí le linn an tuairim sin a fhoirmiú, is incheadaithe don saineolaí sin, le linn dó nó di an tuairim dá dtagraítear i bhfo-alt (1) a fhoirmiú, aon chiontuithe roimhe sin a chur i gcuntas i leith cionta inghabhála ag daoine a greideann an saineolaí sin iad a bheith ina gcuid den eagraíocht lena mbaineann an tuairim.

(4) Gan dochar d’fho-alt (1), in imeachtaí faoin gCuid seo beidh an méid seo a leanas inghlactha mar fhianaise gur eagraíocht choiriúil grúpa áirithe—

(a) aon doiciméad nó taifead eile a thagann ón ngrúpa nó a airbheartaíonn a bheith ag teacht ón ngrúpa nó a chruthaíonn an cosantóir nó a airbheartaíonn gur chruthaigh an cosantóir é—

(i) asarb intuigthe gurb ann don ghrúpa mar eagraíocht choiriúil;

(ii) asarb intuigthe go ndearna an grúpa cion tromaí nó gur éascaigh sé an céanna nó go bhfuil sé ag gabháil d’aon ghníomhaíocht i ndáil leis an gcéanna; nó

(iii) ina n-úsáidtear ainm, focal, siombail nó léiriú eile lena n-aithnítear an grúpa mar eagraíocht choiriúil nó ina ndéantar tagairt d'ainm, d'fhocal, do shiombail nó do léiriú eile den sórt sin, nó is ainm, focal, siombail nó léiriú eile asarb intuigthe gur eagraíocht den sórt sin í,

(b) gur sholáthair grúpa 3 dhuine nó níos mó tairbhe ábhartha don chosantóir (nó gealltanais arna thabhairt ag grúpa den sórt sin chun tairbhe ábhartha a sholáthar don chosantóir), nach soláthar ná gealltanais é a dhéantar i gcomaoin ar ghníomh dleathach a rinne an cosantóir nó a bheidh le déanamh aige nó aici.

(5) I bhfo-alt (4), folaíonn 'doiciméad nó taifead eile', i dteannta doiciméid nó taifid eile i scríbhinn—

(a) diosca, téip, fuaimrian nó feiste eile ina gcorpraítear faisnéis, fuaimeanna nó comharthaí ionas gur féidir (le cúnaimh nó gan cúnaimh ó aon ghléas eile) iad a atáirgeadh i bhfoirm inléite nó inchloiste,

(b) scannán, téip nó feiste eile ina gcorpraítear amharc-íomhánna ionas gur féidir (le cúnaimh nó gan cúnaimh ó aon ghléas eile) iad a atáirgeadh in amharcfhoirm, agus

(c) grianghraf.”.

8.—(1) Dearbhaítear leis seo nach leor na gnáthchúirteanna chun riaradh éifeachtach an cheartais agus caomhnú na síochána poiblí agus an oird phoiblí a áirithiú i ndáil le cion faoi gach foráil díobh seo a leanas de Chuid 7 d'Acht 2006, eadhon ailt 71A, 72, 73 agus 76.

Cionta áirithe faoi Chuid 7 d'Acht 2006 le bheith ina gcionta sceidealta.

(2) Measfar aon chion a shonraítear i *bhfo-alt (1)* a bheith ina chion sceidealta chun críocha Chuid V d'Acht 1939 amhail is go ndearnadh ordú faoi alt 36 d'Acht 1939 i ndáil leis agus beidh feidhm ag fo-alt (3) den alt sin agus ag alt 37 d'Acht 1939 maidir le cion den sórt sin dá réir sin.

(3) Ní fhorléireofar aon ní i *bhfo-alt (1)* nó (2) mar ní a dhéanann difear do na nithe seo a leanas ná a theorannaíonn iad in aon chás ar leith—

(a) an Rialtas d'fheidhmiú aon cheann dá chumhachtaí faoi aon fhoráil d'alt 35 nó 36 d'Acht 1939,

(b) an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí d'fheidhmiú a chumhachta nó a cumhachta faoi alt 45(2) d'Acht 1939 chun a ordú nach gcuirfear duine ar aghaidh chun trialach ag an gCúirt Choiriúil Speisialta ar chúiseamh ar leith, ná

(c) an Rialtas nó an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí d'fheidhmiú aon cheann eile dá gcumhachtaí faoi Chuid V d'Acht 1939 nó aon duine eile d'fheidhmiú a chumhachtaí nó a cumhachtaí faoin gCuid sin.

(4) Scoirfidh an t-alt seo, faoi réir *fho-alt (5)*, de bheith i ngníomh amháil ar an agus ón dáta atá 12 mhí ó dháta rite an Achta seo, mura rud é go rithfidh gach Teach den Oireachtas rún lena mbeartófar gur ceart go leanfaidh an t-alt seo i ngníomh.

(5) Féadfar an t-alt seo a choimeád i ngníomh ó am go ham le rún arna rith ag gach Teach den Oireachtas roimh a dhul in éag ar feadh cibé tréimhse a shonrófar sna rúin.

(6) Sula ndéanfaidh ceachtar Teach den Oireachtas rún a rith faoin alt seo, ullmhóidh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí tuarascáil, agus cuirfidh sé nó sí faoi deara cóip di a leagan faoi bhráid an Tí sin, maidir le hoibriú an ailt le linn na tréimhse dar tosach dáta rite an Achta seo nó, de réir mar is cuí, dáta na tuarascála is déanaí roimhe sin faoin bhfo-alt seo i ndáil leis an alt seo agus dar críoch tráth nach déanaí ná 21 lá roimh an dáta a thairgfear an rún sa Teach sin.

Alt nua 72A d'Acht 2006.

9.—Leasaítear Acht 2006 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 72:

“Cionta faoin gCuid seo: tátail a fhéadfar a bhaint.

72A.—(1) Más rud é, in aon imeachtaí in aghaidh duine mar gheall ar chion faoin gCuid seo go dtabharfar fianaise gur mhainnigh an cosantóir aon tráth sular cúisíodh é nó í sa chion, ar chomhalta den Gharda Síochána é nó í a cheistiú i ndáil leis an gcion, maidir le haon cheist atá ábhartha i leith imscrúdú an chiona, an cheist sin a fhreagairt, ansin féadfaidh an chúirt, le linn a chinneadh an ndéanfar cúiseamh a dhírbhe faoi Chuid 1A den Acht um Nós Imeachta Coiriúil 1967 nó an bhfuil cás ann le freagairt, agus féadfaidh an chúirt (nó faoi réir orduithe an bhreithimh, féadfaidh an giúiré), le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh an bhfuil an cosantóir ciontach sa chion, cibé tátail is dealraitheach a bheith cóir a bhaint as an mainneachtain; agus féadfar plé leis an mainneachtain, ar bhonn na dtáil sin, mar chomhthacaíocht, nó mar ní a d'fhéadfadh a bheith ina chomhthacaíocht, le haon fhianaise i ndáil leis an gcion, ach ní chiontófar duine sa chion mar gheall ar tháil a bhainfear d'aon toisc nó go formhór as mainneachtain den sórt sin.

(2) Ní bheidh éifeacht le fo-alt (1) mura rud é—

(a) go ndúradh leis an gcosantóir i ngnáthchaint, le linn é nó í a cheistiú, cén éifeacht a d'fhéadfadh a bheith le mainneachtain den sórt sin, agus

(b) go bhfuair an cosantóir deis réasúnach dul i gcomhairle le haturnae sular tharla mainneachtain den sórt sin.

(3) In aon imeachtaí—

(a) i gcás gur fhan an cosantóir ina thost nó ina tost, nó gur aisghníomhaigh sé nó sí ar shlí eile, mar fhreagairt ar aon ní a dúradh ina láthair agus a bhain leis an iompar ar ina leith atá sé nó sí á chúiseamh nó á cúiseamh, ní dhéanfar, le haon ní san alt seo, dochar d'inghlacthacht an tosta nó an aisghníomhaithe eile sin mar fhianaise, a mhéid a bheadh fianaise ina leith inghlactha ar leith ón alt seo, nó

(b) ní mheasfar aon ní san alt seo mar ní a choisfidh aon tátal a bhaint as tost nó aisghníomhú eile de chuid an chosantóra ar tátal é a d'fhéadfaí a bhaint go cuí, ar leith ón alt seo.

(4) Beidh aird ag an gcúirt (nó, faoi réir orduithe ón mbreithimh, ag an ngiúiré), chun tátal a bhaint faoin alt seo, ar an tráth, más cuí, a thug an cosantóir freagra den chéad uair ar an gceist lena mbaineann.

(5) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le comhalta den Gharda Síochána do cheistiú duine, mura rud é go ndéantar é a thaifeadadh go leictreonach nó ar shlí eile den tsamhail sin nó go dtoilíonn an duine i scríbhinn le gan é a thaifeadadh amhlaidh.

(6) Maidir le tagairtí i bhfo-alt (1) d'fhianaise, measfar, i ndáil le hiarratas a éisteacht faoi Chuid IA den Acht um Nós Imeachta Coiriúil 1967 chun cúiseamh a dhíbhe, go bhfolaíonn siad ráiteas ar an bhfianaise a bheidh le tabhairt ag finné ag an triail.

(7) San alt seo, ciallaíonn “aon cheist atá ábhartha i leith imscrúdú an chionna”:

(a) aon cheist lena n-iarrtar ar an gcosantóir cuntas iomlán a thabhairt ar a chuid nó a cuid imeachtaí, gníomhartha, gníomhaíochtaí nó comhlachas le linn aon tréimhse sonraithe atá iomchuí maidir leis an gcion atá á imscrúdú; agus

(b) cibé ceann, nó cinn, díobh seo a leanas atá iomchuí maidir leis an gcion atá á imscrúdú—

(i) aon cheist maidir le haon ráiteas nó iompar den chineál dá dtagraítear in alt 71A(3);

- (ii) aon cheist maidir le haon tairbhe den chineál dá dtagraítear in alt 71A(4)(b)(i) nó 71B(4)(b) a gcreideann an comhalta den Gharda Síochána lena mbaineann, le réasún, go bhfuair an cosantóir í nó go bhfuarthas í thar a cheann nó thar a ceann;
- (iii) aon cheist maidir le hairceadail, nó le doiciméid nó taifid eile, den chineál dá dtagraítear in alt 71A(4)(b)(ii) nó (5)(a);
- (iv) aon cheist maidir le haon doiciméad nó taifead eile den chineál dá dtagraítear in alt 71B(4)(a)—
 - (I) a chruthaigh an cosantóir nó a airbheartaíonn gur chruthaigh an cosantóir é, nó
 - (II) a fuarthas i seilbh an chosantóra tráth a ghabhála nó a gabhála nó gar don tráth sin nó a fuarthas ar scór cuardaigh dhleathaigh ar aon áitreabh a bhí á áitiú ag an gcosantóir, nó ar aon fheithicil ina raibh an cosantóir;
- (v) aon cheist maidir leis an úsáid amhrasta a bhain an cosantóir i ndoiciméad as ainm, focal, siombail nó léiriú eile den chineál dá dtagraítear in alt 71B(4)(a)(iii), nó tagairt amhrasta don chéanna a rinne sé nó sí i ndoiciméad;
- (vi) aon cheist maidir le haon airceadal nó ítim dá dtagraítear sa Tábla a ghabhann le halt 72—
 - (I) a bheith i seilbh an chosantóra, nó
 - (II) a bheith i bhfeithicil dá dtagraítear in alt 72(6)(a)(ii) agus sna himthosca lena mbaineann an cosantóir agus dá dtagraítear san fhoráil sin:

ar choinníoll nach measfar aon cheist a bheith ábhartha i leith imscrúdú an chiona mura rud é gur chreid an comhalta den Gharda Síochána lena mbaineann, le réasún, gur bhain an cheist leis an gcosantóir a bheith páirteach i ndéanamh an chiona.

(8) San alt seo, folaíonn tagairtí do mhainneachtain freagra a thabhairt tagairtí do fhreagra a thabhairt atá bréagach nó míthreorach agus forléireofar tagairtí do thost nó d'aisghníomhú eile an chosantóra dá réir sin.

(9) Ní bheidh feidhm ag an alt seo i ndáil le mainneachtain ceist a fhreagairt má tharla an mhainneachtain roimh thosach feidhme *alt 9 den Acht um Cheartas Coiriúil (Leasú) 2009.*”.

10.—Leasaítear alt 73 d’Acht 2006 trí “15 bliana” a chur in ionad “10 mbliana” i bhfo-alt (3). Leasú ar alt 73 d’Acht 2006.

11.—Leasaítear alt 74 d’Acht 2006— Leasú ar alt 74 d’Acht 2006.

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Aon duine a dhéanfaidh aon ghníomh in áit lasmuigh den Stát ar chion faoi alt 71A nó 72 é dá mba sa Stát a dhéanfaí é agus—

(a) go ndéanfar an gníomh áirithe ar bord loinge Éireannaí nó in aerárthach arna chlárú sa Stát, nó

(b) más rud é maidir leis an duine—

(i) gur pearsa aonair é nó í atá ina shaoránach nó ina saoránach Éireannach nó a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi sa Stát, nó

(ii) gur comhlacht corpraithe arna bhunú faoi dhlí an Stáit nó cuideachta de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí é nó í,

ansin beidh an duine ciontach i gcion agus dlífeair imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach i gcion faoi alt 71A nó 72, de réir mar a bheidh.”,

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Maidir le himeachtaí—

(a) mar gheall ar chion faoi alt 71 i ndáil le gníomh arna dhéanamh lasmuigh den Stát, nó

(b) mar gheall ar chion faoi fho-alt (1),

féadfar iad a thionscnamh in aon áit sa Stát agus féadfar plé leis an gcion chun gach críche teagmhasaí mar chion a rinneadh san áit sin.”.

12.—Leasaítear Acht 2006 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 74: Alt nua 74A d’Acht 2006.

“Toisc thromúcháin: cion tromaí a dhéanamh mar chuid de ghníomhaíochtaí eagraíochta coiriúla, nó ar mhaithe leis an gcéanna.

74A.—(1) I gcás go mbeidh cúirt ag cinneadh na pianbhreithe atá le forchur ar dhuine mar gheall ar chion tromaí, measfar, chun an phianbhreith a chinneadh, gur tromú ar an gcion é go ndearnadh an cion mar chuid de ghníomhaíochtaí eagraíochta coiriúla, nó ar mhaithe leis an gcéanna.

(2) Dá réir sin, déanfaidh an chúirt (ach amháin i gcás gur pianbhreith phríosúnachta saoil an phianbhreith mar gheall ar an gcion tromaí nó i gcás go measfaidh an chúirt go bhfuil imthosca eisceachtúla ann chun gur chóir don chúirt gan é a dhéanamh) pianbhreith a fhorchur is mó ná an phianbhreith a d’fhorchuirfí d’uireasa toisce den sórt sin.

(3) Ní mó an phianbhreith a fhorchuirfear ná an phianbhreith uasta is incheadaithe mar gheall ar an gcion tromaí.”.

Alt nua 74B d’Acht 2006.

13.—Leasaítear Acht 2006 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 74A (a cuireadh isteach le *halt 12*):

“Fianaise a eisiamh i gcásanna áirithe.

74B.—Ní dhéanfar, le haon ní faoin gCuid seo, cosc a chur ar chúirt, in aon imeachtaí faoin gCuid seo, fianaise a eisiamh a bheadh ar shlí eile inghlactha más rud é, dar léi, gur mó, tríd is tríd, éifeacht dhochrach na fianaise ná a luach cruthúnais.”.

Alt nua 26A d’Acht 2007 agus leasú ar Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht sin.

14.—(1) Leasaítear Acht 2007 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 26:

“Orduithe iarscaoilte saor i gcás cionta áirithe.

26A.—(1) Más rud é, ar thosach feidhme scéime faoi fho-alt (10) nó dá éis sin, go ndéantar duine (seachas duine faoi bhun 18 mbliana), dá ngairtear “an ciontóir” san alt seo, a chiontú ar díotáil—

(a) i gcion faoi Chuid 7 d’Acht 2006, nó

(b) i gcion (seachas cion dá dtagraítear i mír (a)) a shonraítear i Sceideal 2 agus a rinneadh mar chuid de ghníomhaíochtaí eagraíochta coiriúla nó ar mhaithe leis an gcéanna,

déanfaidh an chúirt, le linn an phianbhreith a bheidh le forchur ar an gciontóir mar gheall ar an gcion sin a chinneadh, breithniú a dhéanamh i dtaobh an amlaidh gur cuí ordú faoin alt seo (dá ngairtear san alt seo ‘ordú iarscaoilte saor (srianta le gníomhaíochtaí áirithe)’ a dhéanamh i ndáil leis nó léi chun go mbeidh an ciontóir faoi réim, tar éis é nó í a scaoileadh saor as príosún, na srianta agus na gcoinníollacha a luaitear ina dhiaidh seo san alt seo.

(2) Ní dhéanfar ordú iarscaoilte saor (srianta le gníomhaíochtaí áirithe) i ndáil leis an gciontóir mura rud é go measann an chúirt, ag féachaint—

- (a) don fhianaise a tugadh i dtríail an chiontóra mar gheall ar an gcion lena mbaineann, agus
- (b) d'aon fhianaise a tugadh don chúirt i ndáil leis an bpianbhreith atá le forchur mar gheall ar an gcion sin,

gurb é leas an phobail ordú den sórt sin a dhéanamh, agus le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh an ndéanfar an t-ordú sin cuirfidh an chúirt san áireamh cibé nithe a mheasfaidh an chúirt a bheith cuí, lena n-áirítear an taifead coiriúil roimhe sin ag an gciontóir agus na himthosca eile a bhaineann leis nó léi.

(3) Déantar, de bhua an fho-ailt seo, cumhacht a thabhairt don chúirt ordú iarscaoilte saor (srianta le gníomhaíochtaí áirithe) a dhéanamh, mar chuid de phianbhreith an chiontóra, i ndáil leis nó léi, is é sin le rá, ordú lena bhforchuirtear ceann amháin nó níos mó (agus iadsan amháin) de na srianta agus na coinníollacha seo a leanas:

- (a) srianta le himeachtaí, gníomhartha nó gníomhaíochtaí an chiontóra;
- (b) coinníollacha ar faoina réir a fhéadfaidh an ciontóir gabháil d'aon ghníomhaíocht;
- (c) srianta le baint an chiontóra le daoine eile nó coinníollacha ar faoina réir a fhéadfaidh an ciontóir bheith bainteach le daoine eile,

is srianta agus coinníollacha, ó thaobh a gcineáil agus a méid araon—

- (i) a gcinnfidh an chúirt nach mó iad ná mar is gá le réasún a fhorchur ar mhaithe le leas an phobail, agus
- (ii) a thagann faoin earnáil srianta agus coinníollacha arna sonrú i scéim arna déanamh faoi fho-alt (10).

(4) Féadfar ordú iarscaoilte saor (srianta le gníomhaíochtaí áirithe) a dhéanamh ar feadh cibé tréimhse, nach faide ná 7 mbliana, is cuí leis an gcúirt.

(5) Tiocfaidh ordú iarscaoilte saor (srian le gníomhaíochtaí áirithe) i ndáil leis an gciontóir i bhfeidhm—

- (a) an dáta a éagfaidh an pianbhreith phríosúnachta a forchuireadh air nó

uirthi mar gheall ar an gcion lena mbaineann nó, de réir mar a bheidh, an dáta a thosóidh a loghadh ón bpianbhreith, nó

- (b) má tá an ciontóir á phríosúnú nó á príosúnú mar gheall ar chion eile, an dáta a éagfaidh an phianbhreith phríosúnachta sin nó, de réir mar a bheidh, an dáta a thosóidh a loghadh ón bpianbhreith sin,

cibé acu is déanaí.

(6) I gcás go ndéanfar ordú iarscaoilte saor (srian le gníomhaíochtaí áirithe) (cibé acu an bhfuil sé i bhfeidhm nó nach bhfuil), féadfaidh an chúirt a rinne an t-ordú, más cuí léi é, ar iarratas ón gciontóir, an t-ordú a athrú nó a chúlghairm más deimhin léi mar gheall ar cibé nithe nó imthosca a shonraítear san iarratas agus atá tar éis eascairt nó tarlú ó rinneadh an t-ordú gur chóir é a athrú nó a chúlghairm.

(7) Déanfar iarratas faoi fho-alt (6) ar fhógra a thabhairt do chigire den Gharda Síochána don dúiche ina raibh gnáthchónaí ar an gciontóir an tráth a rinneadh an t-ordú nó, más cuí, do chigire den Gharda Síochána don dúiche ina bhfuil teaghais an chiontóra suite tráth déanta an iarratais.

(8) Aon duine a mhainneoidh, gan cúis réasúnach, ordú iarscaoilte saor (srian le gníomhaíochtaí áirithe) a chomhlíonadh, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(9) Ní dhéanfar le haon ní san alt seo difear d'aon ordú, srian ná oibleagáid eile, ná d'aon choinníoll a ghabhann leis nó léi, agus a bhfuil an ciontóir faoina réir, cibé acu a rinneadh nó a forchuireadh é nó í faoi reacht (lena n-áirítear alt 26) nó ar shlí eile ar leith ón alt seo fad a bheidh ordú iarscaoilte saor (srianta le gníomhaíochtaí áirithe) i bhfeidhm.

- (10) (a) A luaithe agus is indéanta, ach tráth nach déanaí ná 6 mhí, tar éis thosach feidhme alt 14 den *Acht um Cheartas Coiriúil (Leasú) 2009*, ullmhóidh an tAire scéim ina sonrúfar 2 earnáil srianta agus coinníollacha, nó méid is mó ná sin, is féidir a fhorchur le horduithe iarscaoilte saor (srianta le gníomhaíochtaí áirithe) agus leagfaidh sé nó sí dréacht den scéim faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(b) Má cheadaítear an dréacht den scéim, arna leagan amhlaidh, le rún arna rith ag gach Teach acu sin, déanfaidh an tAire an scéim a luaithe is indéanta ina dhiaidh sin.

(11) San alt seo ciallaíonn ‘teaghais’, i ndáil leis an gciontóir, an aon-áit nó an phríomháit chónaithe aige nó aici nó, i gcás nach bhfuil aon áit chónaithe den sórt sin aige nó aici, an áit chónaithe is gnáthaí aige nó aici nó, i gcás nach bhfuil aon áit chónaithe den sórt sin aige nó aici, an áit ar a dtugann sé nó sí cuairt go rialta.”.

(2) Leasaítear sceideal 2 a ghabhann le hAcht 2007, i mír 9, trí na fomhíreanna seo a leanas a chur in ionad fhomhír (b):

“(b) alt 71A (gníomhaíochtaí eagraíochta coiriúla a stiúradh);

(ba) alt 72 (cion arb éard é páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí áirithe, nó rannchuidiú leo);”.

15.—Leasaítear an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Bannaí 1997, i mír 28A, trí “71A,” a chur isteach i ndiaidh “71,”. Leasú ar an Acht um Bannaí 1997.

16.—Leasaítear alt 41 d’Acht 1999 trí “15 bliana” a chur in ionad “10 mbliana” i bhfo-alt (5)(b). Méadú ar phionós mar gheall ar imeaglú finnétithe, giúróirí, etc.

17.—Leasaítear an tAcht um Nós Imeachta Coiriúil 1967— Leasú ar an Acht um Nós Imeachta Coiriúil 1967.

(a) in alt 13(1), trí “71A” a chur isteach i ndiaidh “nó cion faoi alt 71,” agus

(b) in alt 29(1), trí “71A” a chur isteach i ndiaidh “cion faoi alt 71,” i mír (l).

CUID 3

CIONTA FAOI ACHTACHÁIN ÁIRITHE: FORÁIL MAIDIR LE HÉIFEACHT SHEACH-CHRÍOCHACH

18.—(1) Leasaítear alt 7 d’Acht 1939— Leasú ar alt 7 d’Acht 1939.

(a) i bhfo-alt (1), trí “(laistigh nó lasmuigh den Stát)” a chur isteach i ndiaidh “tabhairt fé chosc nó bac do chur”, agus

(b) i bhfo-alt (2), trí “(laistigh nó lasmuigh den Stát)” a chur isteach i ndiaidh “chun a dhéanta”.

(2) Leasaítear alt 7 d’Acht 1939 tuilleadh tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(3) Ní bheidh duine ciontach i gcion faoin alt seo mar gheall ar iompar a ngabfaidh an duine dó lasmuigh den Stát ach amháin más rud é—

- (a) go dtarlaíonn an t-iompar ar bord loinge Éireannaí (de réir bhrí alt 9 den Acht Loingis Thráchtála 1955),
- (b) go dtarlaíonn an t-iompar ar bord aerárthaigh arna chlárú sa Stát,
- (c) gur saoránach Éireannach an duine, nó
- (d) go bhfuil gnáthchónaí ar an duine sa Stát.

(4) Aon duine a bhfuil a phríomháit chónaithe aige sa Stát ar feadh an 12 mhí díreach roimh chion a dhéanamh faoi fho-alt (1) nó (2) den alt seo, beidh, chun críocha fho-alt (3)(d) den alt seo, gnáthchónaí air sa Stát ar dháta déanta an chiona .”.

Leasú ar ailt 7 agus 8 d’Acht 1997.

19.—(1) Leasaítear alt 7 d’Acht 1997 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Aon duine a dhéanann, lasmuigh den Stát, cabhrú nó neartú, nó comhairle a thabhairt, maidir le cion indíotáilte a dhéanamh, nó an céanna a thabhairt chun críche, sa Stát, dlífeair é nó í a dhíotáil, a thriail agus a phionósú mar phríomhchiontóir más rud é—

- (a) go ndéanann an duine amhlaidh ar bord loinge Éireannaí,
- (b) go ndéanann an duine amhlaidh ar bord aerárthaigh arna chlárú sa Stát,
- (c) gur saoránach Éireannach an duine, nó
- (d) go bhfuil gnáthchónaí ar an duine sa Stát.”.

(2) Leasaítear alt 7 d’Acht 1997 tuilleadh—

- (a) i bhfo-alt (2), trí “, laistigh nó lasmuigh den Stát,” a chur isteach i ndiaidh “aon ghníomh”,
- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Ní bheidh duine ciontach i gcion faoi fho-alt (2) mar gheall ar ghníomh a dhéanamh lasmuigh den Stát ach amháin más rud é—

- (a) go ndéanann an duine amhlaidh ar bord loinge Éireannaí,
- (b) go ndéanann an duine amhlaidh ar bord aerárthaigh arna chlárú sa Stát,
- (c) gur saoránach Éireannach an duine, nó
- (d) go bhfuil gnáthchónaí ar an duine sa Stát.”,

agus

- (c) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7):

“(8) Aon duine a bhfuil a phríomháit chónaithe nó a príomháit chónaithe aige nó aici sa Stát ar feadh na tréimhse 12 mhí díreach roimh chion dá dtagraítear i bhfo-alt (1A) nó cion faoi fho-alt (2) a dhéanamh, meastar, chun críocha fho-alt (1A)(d) nó (i gcás ciona faoi fho-alt (2)) fho-alt (2A)(d), gnáthchónaí a bheith air nó uirthi sa Stát ar dháta déanta an chiona.

(9) San alt seo, tá le “long Éireannach” an bhrí atá leis in alt 9 den Acht Loingis Thráchtála 1955.”.

(3) Leasaítear alt 8 d’Acht 1997, i bhfo-alt (1), trí “aon chomaoin a ghlacadh (nó a aontóidh aon chomaoin a ghlacadh), laistigh nó lasmuigh den Stát, as gan an fhaisnéis sin a nochtadh” a chur in ionad “aon chomaoin a ghlacadh nó a aontóidh aon chomaoin a ghlacadh, as gan an fhaisnéis sin a nochtadh”.

(4) Leasaítear alt 8 d’Acht 1997 tuilleadh—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Ní bheidh duine ciontach i gcion faoi fho-alt (1) mar gheall ar iompar a ngabhfaidh an duine dó lasmuigh den Stát ach amháin más rud é—

(a) go dtarlaíonn an t-iompar ar bord loinge Éireanaí,

(b) go dtarlaíonn an t-iompar ar bord aerárthaigh arna chlárú sa Stát,

(c) gur saoránach Éireannach an duine, nó

(d) go bhfuil gnáthchónaí ar an duine sa Stát.”,

agus

(b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(5) Aon duine a bhfuil a phríomháit chónaithe nó a príomháit chónaithe aige nó aici sa Stát ar feadh na tréimhse 12 mhí díreach roimh chion faoi fho-alt (1) a dhéanamh, tá, chun críocha fho-alt (1A)(d), gnáthchónaí air nó uirthi sa Stát ar dháta déanta an chiona.

(6) San alt seo, tá le “long Éireannach” an bhrí chéanna atá leis in alt 7.”.

20.—Leasaítear alt 41 d’Acht 1999—

(a) i bhfo-alt (1)(a), trí “a dhéanfaidh (laistigh nó lasmuigh den Stát) díobháil” a chur in ionad “a dhéanfaidh díobháil”, agus

(b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

Leasú ar alt 41
(míreanna
substaintiúla de
chion) d’Acht 1999.

“(3A) Ní bheidh duine ciontach i gcion faoin alt seo mar gheall ar iompar dá ngabhfaidh an duine lasmuigh den Stát ach amháin más rud é—

- (a) go dtarlaíonn an t-iompar ar bord loinge Éireannaí (de réir bhrí alt 9 den Acht Loingis Thráchtála 1955),
- (b) go dtarlaíonn an t-iompar ar bord aerárthaigh arna chlárú sa Stát,
- (c) gur saoránach Éireannach an duine, nó
- (d) go bhfuil gnáthchónaí ar an duine sa Stát.

(3B) Aon duine a bhfuil a phríomháit chónaithe nó a príomháit chónaithe aige nó aici sa Stát ar feadh na tréimhse 12 mhí díreach roimh chion faoi fho-alt (1) a dhéanamh, tá, chun críocha fho-alt (3A)(d), gnáthchónaí air nó uirthi sa Stát ar dháta déanta an chiona.”.

CUID 4

LEASUITHE MAIDIR LE CUMHACHTAÍ COINNEÁLA AGUS ATHGHABHÁLA

Leasú ar ailt 30 agus 30A d’Acht 1939.

21.—(1) Leasaítear alt 30 d’Acht 1939—

- (a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) Más rud é, aon tráth le linn duine a choinneáil de bhun an ailt seo, go bhfuil drochamhras ag comhalta den Gharda Síochána, agus cúis réasúnach ag an gcomhalta leis, go ndearna an duine sin cion (an ‘cion eile’) dá dtagraítear i bhfo-alt (1) den alt seo, is cion seachas an cion lena mbaineann an choinneáil agus, maidir le haon duine díobh seo a leanas—

- (a) an comhalta den Gharda Síochána atá i bhfeighil an stáisiúin Garda Síochána an tráth sin, nó
- (b) i gcás an duine a bheith á choinneáil in áit choinneála, seachas i stáisiún de chuid an Gharda Síochána, oifigeach den Gharda Síochána nach ísle céim ná cigire agus nach bhfuil ag imscrúdú an chiona lena mbaineann an choinneáil ná an chiona eile,

go bhfuil forais réasúnacha aige chun a chreidiúint gur gá leanúint den duine a choinneáil chun an cion eile a imscrúdú go cuí, féadfar leanúint den duine a choinneáil i ndáil leis an gcion eile amháil is dá mba é an cion sin an cion ar ina leith a coinníodh an duine i dtosach, ach ní údaraítear le haon rud san fho-alt seo an duine a choinneáil ar feadh tréimhse is faide ná an tréimhse a údaraítear leis na forálacha eile den alt seo nó fúthu.”.

- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4B):

“(4BA) (a) Gan dochar do mhír (b) den fho-alt seo, i gcás gur deimhin le breitheamh ag a bhfuil iarratas faoi fho-alt (4) den alt seo á éisteacht, chun baol dochair don imscrúdú lena mbaineann a sheachaint, gurb inmhianaithe déanamh amhlaidh, féadfaidh sé—

(i) a ordú go n-éistfear an t-iarratas ar shlí seachas go poiblí, nó

(ii) gach duine a eisiamh ón gCúirt le linn na héisteachta, ach amháin oifigigh don Chúirt, daoine a bhfuil baint dhíreach acu leis na himeachtaí, ionadaithe *bona fide* ón bPreas agus cibé daoine eile a dtabharfaidh an Chúirt cead dóibh fanacht i láthair.

(b) Ar iarratas a éisteacht faoi fho-alt (4) den alt seo, féadfaidh an breitheamh, uaidh féin nó ar iarratas ón oifigeach de chuid an Gharda Síochána atá ag déanamh an iarratais faoin bhfo-alt sin (4), i gcás go ndealraíonn sé—

(i) go mbaineann fianaise áirithe a bheidh le tabhairt ag aon chomhalta den Gharda Síochána le linn na héisteachta (lena n-áirítear fianaise ar mhodh freagra ar cheist a chuirfí ar an gcomhalta i gcroscheistiú) le bearta a bheifear tar éis, nó a fhéadfar, a ghlacadh, i gcúrsa aon fhiosraithe nó imscrúdaithe a bheidh á dhéanamh ag an nGarda Síochána i leith páirteachas amhrasta a bheith ag an duine lena mbaineann an t-iarratas, nó ag aon duine eile, i ndéanamh an chiona lena mbaineann an choinneáil nó aon chiona eile, agus

(ii) gur bearta iad na bearta sin atá de chineál a bhféadfaí, de dheasca an fhianaise sin a thabhairt ina dtaobh, dochar a dhéanamh, i bponc ábhartha, d’aon fhiosrú nó imscrúdú a bheadh ar siúl roimhe sin a dhéanamh go cúí,

a ordú go ndéanfar, ar mhaithe le leas an phobail, an fhianaise áirithe a thabhairt agus gach duine as láthair, lena n-áirítear an duine lena mbaineann an t-iarratas agus aon ionadaí dlíthiúil (cibé acu don duine sin nó don iarratasóir), seachas iad seo a leanas—

(I) an comhalta nó na comhaltaí ar gá dó nó dóibh a bheith i láthair chun fianaise a thabhairt don bhreitheamh; agus

(II) más cúí leis an mbreitheamh, cibé cléireach amháin nó níos mó de chléirigh na Cúirte a chinnfidh an breitheamh.

(c) Más rud é, i ndiaidh an fhianaise sin a éisteacht, arna tabhairt ar an modh sin, go measann an

breitheamh nach mbeadh an éifeacht dá dtagraítear i mír (b)(ii) den fho-alt seo le nithe a nochtadh lena mbaineann an fhianaise sin, ordóidh an breitheamh go dtabharfar an fhianaise athuair i láthair gach duine eile (nó, de réir mar a bheidh, an méid díobh nach mbeidh le heisiamh ar shlí eile ón gCúirt faoi mhír (a) den fho-alt seo).

(d) Ní fhoilseoidh ná ní chraolfaidh aon duine, ná ní chuirfidh sé faoi deara go bhfoilseofar nó go gcraolfar, aon fhaisnéis maidir le hiarratas faoi fho-alt (4) den alt seo, seachas ráiteas—

(i) á rá go ndearna an Garda Síochána an t-iarratas i ndáil le himscrúdú áirithe, agus

(ii) ar aon bhreith a dhéantar de thoradh an iarratais.

(e) Má dhéantar aon ní a fhoilsiú nó a chraoladh de shárú ar mhír (d) den fho-alt seo, beidh na daoine seo a leanas, eadhon—

(i) i gcás foilsiú i nuachtán nó i dtréimhseachán, aon dílseánach, aon eagarthóir agus aon fhoilsitheoir de chuid an nuachtáin nó an tréimhseacháin,

(ii) i gcás aon fhoilseacháin eile, an duine a fhoilsíonn é, agus

(iii) i gcás craolta, aon duine a tharchuireann nó a sholáthraíonn an clár ina ndéantar an craoladh agus aon duine ag a bhfuil feidhmeanna i ndáil leis an gclár atá ar aon dul leis na feidhmeanna atá ag eagarthóir nuachtáin,

ciontach i gcion agus dlífear—

(I) ar é a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air, nó

(II) ar é a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 3 bliana, nó iad araon, a chur air.

(f) San fho-alt seo—

ciallaíonn ‘craoladh’ tarchur, leaschraoladh nó leathadh a dhéanamh, trí raidió-theileagrafaíocht, trí chábla nó tríd an idirlíon ar chumarsáidí, fuaimeanna, síneacha, amharcóimhánna nó comharthaí atá beartaithe lena nglacadh go díreach ag an bpobal i gcoitinne, cibé acu a ghlactar nó nach nglactar na cumarsáidí, na fuaimeanna, na síneacha, na

hamharc-íomhánna nó na comharthaí sin iarbhrí;

ciallaíonn ‘foilsíú’ foilsíú, seachas trí chraoladh, don phobal nó do chuid den phobal.

(4BB) Ach amháin mar a n-éilíonn aon rialail dlí gurb í an Chúirt a chinnfeadh saincheist den sórt sin, ní ceadmhach, in iarratas faoi fho-alt (4) den alt seo, aon saincheist a thógáil maidir le dlíthiúlacht ghabháil nó choinneáil an duine lena mbaineann an t-iarratas.

(4BC) (a) Agus iarratas á dhéanamh faoi fho-alt (4) den alt seo, ní gá do chomhalta den Gharda Síochána, seachas don oifigeach atá ag déanamh an iarratais, fianaise béil a thabhairt chun críocha an iarratais, agus féadfaidh an t-oifigeach is déanaí sin fianaise a thabhairt i ndáil le haon ní atá ar eolas ag comhalta eile den Gharda Síochána agus atá iomchuí maidir leis an iarratas d’ainneoin nach bhfuil sé ar eolas go pearsanta ag an oifigeach.

(b) Mar sin féin, féadfaidh an Chúirt ag a mbeidh an t-iarratas sin á éisteacht, má mheasann sí gur ar mhaithe leis an gceartas déanamh amhlaidh, a ordú do chomhalta eile den Gharda Síochána fianaise béil a thabhairt, agus féadfaidh an Chúirt éisteacht an iarratais a chur ar atráth chun an fhianaise sin a ghlacadh.”

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4D):

“(4D) Más rud é—

(a) go bhfuil iarratas le déanamh, nó go ndéanfar é, faoi fho-alt (4) den alt seo, ar bharántas á údarú duine a choinnítear de bhun ordacháin faoi fho-alt (3) den alt seo a choinneáil go ceann tréimhse eile, agus

(b) nach bhfuil an tréimhse choinneála faoi fho-alt (3) den alt seo tar éis dul in éag tráth theacht an duine lena mbaineann go dtí teach na cúirte chun críocha éisteacht an iarratais, ach go mbeadh sí, mura mbeadh an fo-alt seo, dul in éag, roimh an éisteacht, nó lena linn (lena n-áirítear, dá dtarlódh a leithéid, ar an éisteacht a chur ar atráth),

measfar í gan a bheith dul in éag go dtí go ndéantar cinneadh críochnaitheach ar an iarratas; agus, chun críocha an fho-ailt seo—

(i) beidh deimhniú arna shíniú ag cléireach na cúirte atá ag freastal sa teach cúirte lena mbaineann á insint cathain a tháinig an duine lena mbaineann chun an tí cúirte sin, ina fhianaise, go dtí go suítear a mhalairt, ar an am a tháinig an duine sin ann;

(ii) folaíonn ‘teach cúirte’ aon ionad ina mbeidh an t-iarratas á éisteacht.”.

(2) Leasaítear alt 30A d’Acht 1939 trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) I gcás go ndéantar duine, a gabhadh mar gheall ar dhrochamhras go ndearna sé cion, a choinneáil de bhun alt 30 den Acht seo agus go scaoilfear saor é gan aon chúiseamh a dhéanamh ina aghaidh—

(a) ní ghabhfar arís é i dtaca leis an gcion lenar bhain an choinneáil, ná

(b) ní ghabhfar é maidir le haon chion eile a raibh drochamhras ina leith ag an gcomhalta den Gharda Síochána a ghabh é, tráth na chéad ghabhála, nó ar cheart dó drochamhras a bheith aige ina leith le réasún, go ndearna sé é,

ach amháin faoi údarás barántais arna eisiúint ag breitheamh den Chúirt Dúiche ar deimhin leis, de bharr faisnéise arna tabhairt ag comhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná ceannfort faoi mhionn, go bhfuil feidhm ag ceachtar de na cásanna seo a leanas, eadhon—

(i) go bhfuil eolas faoi fhaisnéis bhreise faighte ag an nGarda Síochána ó scaoileadh saor an duine ar faisnéis bhreise í i dtaobh drochamhras a bheith ann go raibh an duine páirteach sa chion a bhfuil a ghabháil á hiarraidh ina leith,

(ii) d’ainneoin go raibh eolas ag an nGarda Síochána, sular scaoileadh saor an duine, i dtaobh drochamhras a bheith ann go raibh an duine páirteach sa chion a bhfuil a ghabháil á hiarraidh ina leith, nach mbeadh ceistiú an duine i ndáil leis an gcion sin, sular scaoileadh saor é, ar mhaithe le himscrúdú cuí an chiona.

(1A) Éistfear iarratas ar bharántas faoin alt seo ar shlí seachas go poiblí.”.

(3) Leasaítear alt 30A d’Acht 1939 tuilleadh, i bhfo-alt (2)(b), trí “(4B), (4BA), (4BB), (4BC)” a chur in ionad “(4B)”.

Leasú ar ailt 2, 4, 5 agus 11 d’Acht 1996.

22.—(1) Leasaítear alt 2 d’Acht 1996—

(a) i bhfo-alt (2)(b), trí ‘ceannfort’ a chur in ionad ‘príomh-cheannfort’,

(b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) (a) Gan dochar do mhír (b), i gcás gur deimhin le breitheamh ag a bhfuil iarratas faoi fho-alt (2) á éisteacht, chun baol dochair don imscrúdú lena mbaineann a sheachaint, gurb innhianaithe déanamh amhlaidh, féadfaidh sé nó sí—

- (i) a ordú go n-éistfear an t-iarratas ar shlí seachas go poiblí, nó
 - (ii) gach duine a eisiamh ón gCúirt, le linn na héisteachta, ach amháin oifigigh don Chúirt, daoine a bhfuil baint dhíreach acu leis na himeachtaí, ionadaithe *bona fide* ón bPreas agus cibé daoine eile a dtabharfaidh an Chúirt cead dóibh fanacht i láthair.
- (b) Ar iarratas faoi fho-alt (2) a éisteacht, féadfaidh an breitheamh, uaidh nó uaithi féin nó ar iarratas ón oifigeach de chuid an Gharda Síochána atá ag déanamh an iarratais faoi fho-alt (2), má dhealraíonn sé—

- (i) go mbaineann fianaise áirithe a bheidh le tabhairt ag aon chomhalta den Gharda Síochána le linn na héisteachta (lena n-áirítear fianaise ar mhodh freagra ar cheist a chuirfí ar an gcomhalta i gcroscheistiú) le bearta a bheifear tar éis, nó a fhéadfar, a ghlacadh, i gcúrsa aon fhiosraithe nó imscrúdaithe a bheidh á dhéanamh ag an nGarda Síochána i leith páirteachas amhrasta a bheith ag an duine lena mbaineann an t-iarratas, nó ag aon duine eile, i ndéanamh an chiona lena mbaineann an choinneáil nó aon chiona eile, agus
- (ii) gur bearta iad na bearta sin atá den chineál a bhféadfaí, de bharr an fhianaise sin a thabhairt ina dtaobh, dochar a dhéanamh, i bponc ábhartha, d'aon fhiosrú nó imscrúdú a bheadh ar siúl roimhe sin a dhéanamh go cuí,

a ordú go ndéanfar, ar mhaithe le leas an phobail, an fhianaise áirithe a thabhairt agus gach duine as láthair, lena n-áirítear an duine lena mbaineann an t-iarratas agus aon ionadaí dlíthiúil (cibé acu don duine sin nó don iarratasóir), seachas iad seo a leanas—

- (I) an comhalta nó na comhaltaí ar gá é nó í nó iad a bheith i láthair chun an fhianaise a thabhairt don bhreitheamh; agus
 - (II) más cuí leis an mbreitheamh, cibé duine amháin nó níos mó de chléirigh nó cláraitheoirí na Cúirte a chinnfidh an breitheamh.
- (c) Más rud é, i ndiaidh an fhianaise sin a éisteacht arna tabhairt ar an modh sin, go measann an breitheamh nach mbeadh an éifeacht dá dtagraítear i mír (b)(ii) le nithe a nochtadh lena mbaineann an fhianaise sin, ordóidh an breitheamh go dtabharfar an fhianaise athuair i láthair gach duine eile (nó, de réir mar a

bheidh, an méid díobh nach mbeidh le heisiamh ar shlí eile ón gCúirt faoi mhír (a)).

(d) Ní fhoilseoidh ná ní chraolfaidh aon duine, ná ní chuirfidh aon duine faoi deara go bhfoilseofar nó go gcrálfar, aon fhaisnéis maidir le hiarratas faoi fho-alt (2) seachas ráiteas—

(i) á rá go ndearna an Garda Síochána an t-iarratas i ndáil le himscrúdú áirithe, agus

(ii) ar aon bhreith a dhéantar de thoradh an iarratais.

(e) Má dhéantar aon ní a fhoilsiú nó a chraoladh de shárú ar mhír (d), beidh gach duine díobh seo a leanas, eadhon—

(i) i gcás foilsiú i nuachtán nó i dtréimhseachán, aon dílseánach, aon eagarthóir agus aon fhoilsitheoir de chuid an nuachtáin nó an tréimhseacháin,

(ii) i gcás aon fhoilsiú eile, an duine a fhoilsíonn é, agus

(iii) i gcás craolta, aon duine a tharchuireann nó a sholáthraíonn an clár ina ndéantar an craoladh agus aon duine ag a bhfuil feidhmeanna i ndáil leis an gclár atá ar aon dul leis na feidhmeanna atá ag eagarthóir nuachtáin,

ciontach i gcion agus dlífeair—

(I) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(II) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €50,000, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 3 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(f) Más rud é go ndéanann comhlacht corpraithe cion faoin bhfo-alt seo agus go gcruthaítear go ndearnadh é le toiliú nó le cúltheadú, nó gurbh inchurtha é i leith aon fhaillí ar thaobh, aon duine is stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe nó duine a d'airbheartaigh gníomhú in aon cháil den sórt sin, beidh an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus dlífeair imeachtaí a shaothrú ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

(g) I gcás gurb iad comhaltaí comhlachta chorpraithe a bhainistíonn gnóthaí an

chomhlachta chorpraithe sin, beidh feidhm ag mír (f) i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna bainistíochta amhail is dá mba stiúrthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta chorpraithe é nó í.

(h) San fho-alt seo—

ciallaíonn ‘craoladh’ tarchur, leaschraoladh nó leathadh a dhéanamh, trí raidíó-theileagrafaíocht, trí chábla nó tríd an idirlíon ar chumarsáidí, fuaimeanna, síneacha, amharc-íomhánna nó comharthaí atá beartaithe lena nglacadh go díreach ag an bpobal i gcoitinne, cibé acu a ghlactar nó nach nglactar na cumarsáidí, na fuaimeanna, na síneacha, na hamharc-íomhánna nó na comharthaí sin iarbhrí;

ciallaíonn ‘foilsíú’ foilsíú, seachas trí chraoladh, don phobal nó do chuid den phobal.

(3B) Ach amháin mar a n-éilíonn aon riail dlí gurb í an Chúirt a chinneadh saincheist den sórt sin, ní ceadmhach, in iarratas faoi fho-alt (2), aon saincheist a thógáil maidir le dlíthiúlacht ghabháil nó choinneáil an duine lena mbaineann an t-iarratas.

(3C) (a) Agus iarratas á dhéanamh faoi fho-alt (2) ní gá do chomhalta den Gharda Síochána, seachas don oifigeach atá ag déanamh an iarratais, fianaise béil a thabhairt chun críocha an iarratais, agus féadfaidh an t-oifigeach is déanaí sin fianaise a thabhairt i ndáil le haon ní atá ar eolas ag comhalta eile den Gharda Síochána agus atá iomchuí maidir leis an iarratas d’ainneoin gan é a bheith ar eolas go pearsanta ag an oifigeach.

(b) Mar sin féin, féadfaidh an Chúirt ag a mbeidh an t-iarratas sin á éisteacht, má mheasann sí gur gá é ar mhaithe leis an gceartas, a ordú do chomhalta eile den Gharda Síochána fianaise béil a thabhairt, agus féadfaidh an Chúirt éisteacht an iarratais a chur ar atráth chun an fhianaise sin a ghlacadh.”

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (7A):

“(7A) D’ainneoin fho-ailt (2) agus (7), más rud é—

(a) go bhfuil iarratas le déanamh, nó go ndéantar é, faoi fho-alt (2) ar bharántas á údarú duine a choinnítear faoin bhfo-alt sin a choinneáil go ceann tréimhse eile, agus

(b) nach bhfuil an tréimhse choinneála faoin bhfo-alt sin dulta in éag tráth theacht an duine lena mbaineann go dtí teach na cúirte chun críocha éisteacht an iarratais, ach go mbeadh sí, mura

mbeadh an fo-alt seo, dulta in éag, roimh an éisteacht, nó lena linn (lena n-áirítear, dá dtarlódh a leithéid, ar an éisteacht a chur ar atráth),

measfar í gan a bheith dulta in éag go dtí go ndéantar cinneadh críochnaitheach ar an iarratas; agus, chun críocha an fho-ailt seo—

- (i) beidh deimhniú arna shíniú ag cléireach nó cláraitheoir na cúirte atá ag freastal sa teach cúirte lena mbaineann á insint cathain a tháinig an duine lena mbaineann chun an tí cúirte sin, ina fhianaise, go dtí go suítear a mhalairt, ar an am a tháinig an duine sin ann;
- (ii) folaíonn ‘teach cúirte’ aon ionad ina mbeidh an t-iarratas á éisteacht.”.

(2) Leasaítear alt 4 d’Acht 1996 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) I gcás go ndéantar duine, a gabhadh mar gheall ar dhrochamhras go ndearna sé nó sí cion, a choinneáil de bhun alt 2 agus go scaoilfead saor é nó í gan aon chúiseamh a dhéanamh ina aghaidh nó ina haghaidh—

- (a) ní ghabhfar arís é nó í maidir leis an gcion lenar bhain an choinneáil, ná
- (b) ní ghabhfar é nó í maidir le haon chion eile a raibh drochamhras ina leith ag an gcomhalta den Gharda Síochána a ghabh é nó í, tráth na chéad ghabhála, nó ar cheart dó nó di drochamhras a bheith aige nó aici ina leith le réasún, go ndearna sé nó sí é,

ach amháin ar údarás barántais arna eisiúint ag breitheamh den Chúirt Chuarda nó den Chúirt Dúiche ar deimhin leis nó léi, de bharr faisnéise arna tabhairt faoi mhionn ag comhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná ceannfort, go bhfuil feidhm ag ceachtar de na cásanna seo a leanas, eadhon—

- (i) go bhfuil eolas faoi fhaisnéis bhreise faighte ag an nGarda Síochána ó scaoileadh saor an duine ar faisnéis bhreise í i dtaobh drochamhras a bheith ann go raibh an duine páirteach sa chion a bhfuil a ghabháil nó a gabháil á hiarraidh ina leith,
- (ii) d’ainneoin go raibh eolas ag an nGarda Síochána, sular scaoileadh saor an duine, i dtaobh drochamhras a bheith ann go raibh an duine páirteach sa chion a bhfuil a ghabháil nó a gabháil á hiarraidh ina leith, nach mbeadh ceistiú an duine i ndáil leis an gcion sin, sular scaoileadh saor é nó í, ar mhaithe le himscrúdú cuí an chiona.

(1A) Éistfead iarratas ar bharántas faoin alt seo ar shlí seachas go poiblí.”.

(3) Leasaítear alt 5 d’Acht 1996 trí “4(8B),” a chur isteach i ndiaidh “4(8A),”.

(4) Aisghairtear alt 11 d’Acht 1996 agus, dá réir sin, leanfaidh ailt 2, 3, 4, 5, agus 6 den Acht sin (arb iad na hailt iad ar bhain an t-alt sin 11 leo) i ngníomh gan teorainn ama.

23.—(1) Leasaítear alt 50 d’Acht 2007 i bhfo-alt (1)—

Leasú ar ailt 50, 51,
agus 52 d’Acht
2007.

(a) trí “Acht 1925,” a chur in ionad “Acht 1925, nó” i mír (c),

(b) trí “arm tine, nó” a chur in ionad “arm tine.” i mír (d),
agus

(c) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (d):

“(e) cion faoi Chuid 7 den Acht um Cheartas
Coiriúil 2006.”.

(2) Leasaítear alt 50 d’Acht 2007 tuilleadh—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-
alt (4):

“(4A) (a) Gan dochar do mhír (b), i gcás gur deimhin le
breitheamh ag a bhfuil iarratas faoi fho-alt (3)
á éisteacht, chun baol dochair don imscrúdú
lena mbaineann a sheachaint, gurb
inmhianaithe déanamh amhlaidh, féadfaidh sé
nó sí—

(i) a ordú go ndéanfar an t-iarratas a éisteacht
ar shlí seachas go poiblí, nó

(ii) gach duine a eisiamh ón gCúirt, le linn na
héisteachta, ach amháin oifigigh don
Chúirt, daoine a bhfuil baint dhíreach acu
leis na himeachtaí, ionadaithe *bona fide* ón
bPreas agus cibé daoine eile a
dtabharfaidh an Chúirt cead dóibh fanacht
i láthair.

(b) Ar iarratas faoi fho-alt (3) a éisteacht, féadfaidh
an breitheamh, uaidh nó uaithi féin nó ar
iarratas ón gcomhalta de chuid an Gharda
Síochána atá ag déanamh an iarratais faoi fho-
alt (3), má dhealraíonn sé—

(i) go mbaineann fianaise áirithe a bheidh le
tabhairt ag aon chomhalta den Gharda
Síochána le linn na héisteachta (lena
n-áirítear fianaise ar mhodh freagra ar
cheist a chuirfí ar an gcomhalta i
gcroscheistiú) le bearta a bheifear tar éis,
nó a fhéadfar, a ghlacadh, i gcúrsa aon
fhiosraithe nó imscrúdaithe a bheidh á
dhéanamh ag an nGarda Síochána i leith
páirteachas amhrasta a bheith ag an duine
lena mbaineann an t-iarratas, nó ag aon
duine eile, i ndéanamh an chiona lena
mbaineann an choinneáil nó aon chiona
eile, agus

(ii) gur bearta iad na bearta sin den chineál a
bhféadfaí, de bharr fianaise a thabhairt ina

dtaobh, dochar a dhéanamh, i bponc ábhartha, d'aon fhiosrú nó imscrúdú a bheadh ar siúl roimhe sin a dhéanamh go cuí,

a ordú go ndéanfar, ar mhaithe le leas an phobail, an fhianaise áirithe a thabhairt agus gach duine as láthair, lena n-áirítear an duine lena mbaineann an t-iarratas agus aon ionadaí dlíthiúil (cibé acu don duine sin nó don iarratasóir), seachas iad seo a leanas—

- (I) an comhalta nó na comhaltaí ar gá é nó í nó iad a bheith i láthair chun an fhianaise a thabhairt don bhreitheamh; agus
 - (II) más cuí leis an mbreitheamh, cibé duine amháin nó níos mó de chléirigh nó cláraitheoirí na Cúirte a chinnfidh an breitheamh.
- (c) Más rud é i ndiaidh an fhianaise sin a éisteacht arna tabhairt ar an modh sin, go measann an breitheamh nach mbeadh an éifeacht dá dtagraítear i mír (b)(ii) le nithe a nochtadh lena mbaineann an fhianaise sin, ordóidh an breitheamh go dtabharfar an fhianaise athuair i láthair gach duine eile (nó, de réir mar a bheidh, an méid díobh nach mbeidh le heisiamh ar shlí eile ón gCúirt faoi mhír (a)).
- (d) Ní fhoilseoidh ná ní chraolfaidh aon duine, ná ní chuirfidh aon duine faoi deara go bhfoilseofar nó go graolfar, aon fhaisnéis maidir le hiarratas faoin alt seo, seachas ráiteas—
- (i) á rá go ndearna duine ainmnithe an t-iarratas i ndáil le himscrúdú áirithe, agus
 - (ii) ar aon bhreith a dhéantar de thoradh an iarratais.
- (e) Má dhéantar aon ní a fhoilsiú nó a chraoladh de shárú ar mhír (d), beidh gach duine acu seo a leanas, eadhon—
- (i) i gcás foilsiú i nuachtán nó i dtréimhseachán, aon dílseánach, aon eagarthóir agus aon fhoilsitheoir de chuid an nuachtáin nó an tréimhseacháin,
 - (ii) i gcás aon fhoilsiú eile, an duine a fhoilsíonn é, agus
 - (iii) i gcás craolta, aon duine a tharchuireann nó a sholáthraíonn an clár ina ndéantar an craoladh agus aon duine ag a bhfuil feidhmeanna i ndáil leis an gclár atá ar aon dul leis na feidhmeanna atá ag eagarthóir nuachtáin,

ciontach i gcion agus dlífear—

- (I) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
- (II) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €50,000, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 3 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.
- (f) Más rud é go ndéanann comhlacht corpraithe cion faoin bhfo-alt seo agus go gcruthófar go ndearnadh é le toiliú nó le cúltheadú, nó gurbh inchurtha é i leith aon fhaillí ar thaobh, aon duine is stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe nó duine a d'airbheartaigh gníomhú in aon cháil den sórt sin, beidh an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus dlífear imeachtaí a shaothrú ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.
- (g) I gcás gur comhaltaí comhlachta chorpraithe a bhainistíonn gnóthaí an chomhlachta chorpraithe sin, beidh feidhm ag mír (f) i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna bainistíochta amhail is dá mba stiúrthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta chorpraithe é nó í.

(h) San fho-alt seo—

ciallaíonn ‘craoladh’ tarchur, leaschraoladh nó leathadh a dhéanamh, trí raidíó-theileagrafaíocht, trí chábla nó tríd an idirlíon ar chumarsáidí, fuaimeanna, síneacha, amharc-íomhánna nó comharthaí atá beartaithe lena nglacadh go díreach ag an bpobal i gcoitinne, cibé acu a ghlactar nó nach nglactar na cumarsáidí, na fuaimeanna, na síneacha, na hamharc-íomhánna nó na comharthaí sin iarbhír;

ciallaíonn ‘foilsíú’ foilsíú, seachas trí chraoladh, don phobal nó do chuid den phobal.

(4B) Ach amháin mar a n-éilíonn aon riail dlí gurb í an Chúirt a chinnfeadh saincheist den sórt sin, ní ceadmhach, in iarratas faoi fho-alt (3), aon saincheist a thógáil maidir le dlíthiúlacht ghabháil nó choinneáil an duine lena mbaineann an t-iarratas.

(4C) (a) Agus iarratas á dhéanamh faoi fho-alt (3), ní gá do chomhalta den Gharda Síochána, seachas don chomhalta atá ag déanamh an iarratais, fianaise béil a thabhairt chun críocha an iarratais, agus féadfaidh an comhalta is déanaí

sin fianaise a thabhairt i ndáil le haon ní atá ar eolas ag comhalta eile den Gharda Síochána agus atá iomchuí maidir leis an iarratas d’ainneoin gan é a bheith ar eolas go pearsanta ag an gcomhalta.

- (b) Mar sin féin, féadfaidh an Chúirt ag a bhfuil an t-iarratas sin á éisteacht, má mheasann sí gur gá é ar mhaithe leis an gceartas, a ordú do chomhalta eile den Gharda Síochána fianaise béil a thabhairt, agus féadfaidh an Chúirt an éisteacht ar chur ar atráth chun an fhianaise sin a ghlacadh.”,

- (b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (9):

“(9) D’ainneoin fho-ailt (3) agus (8), más rud é—

- (a) go bhfuil iarratas le déanamh, nó go ndéanfar é, faoi fho-alt (3) ar bharántas á údarú duine a choinnítear faoin bhfo-alt sin a choinneáil go ceann tréimhse eile, agus
- (b) nach bhfuil an tréimhse choinneála faoin bhfo-alt sin dulta in éag tráth theacht an duine lena mbaineann go dtí teach na cúirte chun críocho éisteacht an iarratais, ach go mbeadh sí, mura mbeadh an fo-alt seo, dulta in éag, roimh an éisteacht, nó lena linn (lena n-áirítear, dá dtarlódh a leithéid, ar an éisteacht a chur ar atráth),

measfar í gan a bheith dulta in éag go dtí go ndéantar cinneadh críochnaitheach ar an iarratas; agus, chun críocho an fho-ailt seo—

- (i) beidh deimhniú a bheidh sínithe ag cléireach nó cláraitheoir na cúirte atá ag freastal sa teach cúirte lena mbaineann á insint cathain a tháinig an duine lena mbaineann chun an tí cúirte sin, ina fhianaise, go dtí go suítear a mhalairt, ar an am a tháinig an duine sin ann;

- (ii) folaíonn ‘teach cúirte’ aon ionad ina mbeidh an t-iarratas á éisteacht.”.

- (3) Leasaítear alt 51 d’Acht 2007 trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) I gcás go ndéantar duine a gabhadh mar gheall ar dhrochamhras go ndearna sé nó sí cion a choinneáil de bhun alt 50 agus go scaoiltear saor é nó í gan aon chúiseamh a dhéanamh ina aghaidh nó ina haghaidh—

- (a) ní ghabhfar arís é nó í maidir leis an gcion lenar bhain an choinneáil, ná
- (b) ní ghabhfar é nó í maidir le haon chion eile a raibh drochamhras ina leith ag an gcomhalta den Gharda Síochána a ghabh é nó í, tráth na chéad ghabhála, nó ar cheart dó nó di drochamhras a bheith aige nó aici ina leith le réasún, go ndearna sé nó sí é,

ach amháin ar údarás barántais arna eisiúint ag breitheamh den Chúirt Chuarda nó den Chúirt Dúiche ar deimhin leis nó léi, de bharr faisnéise arna tabhairt faoi mhionn ag comhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná ceannfort, go bhfuil feidhm ag ceachtar de na cásanna seo a leanas, eadhon:

- (i) go bhfuil eolas faoi fhaisnéis bhreise faighte ag an nGarda Síochána ó scaoileadh saor an duine ar faisnéis bhreise í i dtaobh drochamhras a bheith ann go raibh an duine páirteach sa chion a bhfuil a ghabháil nó a gabháil á hiarraidh ina leith,
- (ii) d’ainneoin go raibh eolas ag an nGarda Síochána, sular scaoileadh saor an duine, i dtaobh drochamhras a bheith ann go raibh an duine páirteach sa chion a bhfuil a ghabháil nó a gabháil á hiarraidh ina leith, nach mbeadh ceistiú an duine i ndáil leis an gcion sin, sular scaoileadh saor é nó í, ar mhaithe le himscrúdú cuí an chiona.

(1A) Éistfear iarratas ar bharántas faoin alt seo ar shlí seachas go poiblí.”

(4) Leasaítear alt 52 d’Acht 2007 trí “4(8B),” a chur isteach i ndiaidh “4(8A),”.

24.—(1) Leasaítear alt 4 d’Acht 1984—

Leasú ar ailt 4, 9,
agus 10 d’Acht
1984.

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (8A):

“(8B) (a) I gcás, maidir le lia-chleachtóir—

- (i) go bhfuil sé, ar iarratas ó chomhalta den Gharda Síochána, tar éis measúnú a dhéanamh ar an mbail atá ar dhuine atá a choinneáil de bhun fho-alt (2), agus
- (ii) go ndeimhníonn sé nach incheistithe an duine chun críche an imscrúdaithe go ceann tréimhse sonraithe, d’ainneoin nach gá an duine a chur isteach in ospidéal de dheasca na baile atá air,

ní dhéanfar aon cheistiú ar an duine i gcaitheamh na tréimhse sin, agus déanfar an tréimhse sin a eisiáil le linn tréimhse choinneála a cheadaítear leis an alt seo a ríomh.

(b) Ní faide ná 6 uair an chloig an tréimhse a fhéadfar a shonrú ar dheimhniú arna thabhairt ag lia-chleachtóir faoi mhír (a).

(c) Ní ceadmhach deimhniú a thabhairt faoi mhír (a) ach ar an aon ócáid amháin i leith duine áirithe a choinnítear de bhun fho-alt (2).”

agus

(b) i bhfo-alt (9), trí “, (8A) nó (8B)” a chur in ionad “nó (8A)”.

(2) Leasaítear alt 9 d’Acht 1984 trí “4(8B),” a chur isteach i ndiaidh “4(8A),”.

(3) Leasaítear alt 10 d’Acht 1984 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) I gcás go ndéantar duine a gabhadh mar gheall ar dhrochamhras go ndearna sé cion a choinneáil de bhun alt 4 agus go scaoiltear saor é gan aon chúiseamh a dhéanamh ina aghaidh—

(a) ní ghabhfar arís é maidir leis an gcion lenar bhain an choinneáil, nó

(b) ní ghabhfar é maidir le haon chion eile a raibh drochamhras ina leith ag an gcomhalta den Gharda Síochána a ghabh é, tráth na chéad ghabhála, nó ar cheart dó drochamhras a bheith aige ina leith le réasún, go ndearna sé é,

ach amháin ar údarás barántais arna eisiúint ag breitheamh den Chúirt Dúiche ar deimhin leis, de bharr faisnéise a thabharfaidh comhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná ceannfort faoi mhionn, go mbeidh feidhm ag ceachtar de na cásanna seo a leanas, eadhon:

(i) go bhfuil eolas faoi fhaisnéis bhreise faighte ag an nGarda Síochána ó scaoileadh saor an duine ar faisnéis bhreise í i dtaobh drochamhras a bheith ann go raibh an duine páirteach sa chion a bhfuil a ghabháil á hiarraidh ina leith, nó

(ii) d’ainneoin go raibh eolas ag an nGarda Síochána, sular scaoileadh saor an duine, i dtaobh drochamhras a bheith ann go raibh an duine páirteach sa chion a bhfuil a ghabháil á hiarraidh ina leith, nach mbeadh ceistiú an duine i ndáil leis an gcion sin, sular scaoileadh saor é, ar mhaithe le himscrúdú cuí an chiona.

Is de bhun alt 4 a phléifear le duine a ghabhfar faoin údarás sin.

(1A) Éistfead iarratas ar bharántas faoin alt seo ar shlí seachas go poiblí.”.

CUID 5

ILGHNÉITHEACH

Gníomhaíochtaí eagraíochta neamhdhleathaí a stiúradh.

25.—Leasaítear an tAcht um Chiontaí in Aghaidh an Stáit (Leasú) 1998 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 6:

“Eagraíocht neamhdhleathach a stiúradh. 6.—(1) San alt seo—

(a) ciallaíonn ‘stiúran’ i ndáil le gníomhaíochtaí—

- (i) na gníomhaíochtaí a rialú nó maoirsiú a dhéanamh orthu, nó
- (ii) ordú, ordachán nó treoir a thabhairt, nó iarraidh a dhéanamh, maidir le seoladh na ngníomhaíochtaí;
- (b) ciallaíonn ‘cion tromaí’ cion a bhféadfar duine a phionósú ina leith le príosúnacht ar feadh téarma 4 bliana nó tréimhse is faide ná sin;
- (c) ciallaíonn ‘eagraíocht neamhdhleathach’ eagraíocht a mbeidh ordú díchuir déanta ina leith faoi alt 19 d’Acht 1939;
- (d) folaíonn tagairtí do ghníomhaíochtaí tagairtí—
 - (i) do ghníomhaíochtaí a sheoltar lasmuigh den Stát, agus
 - (ii) do ghníomhaíochtaí nach cion ná cionta.

(2) Maidir le duine a stiúrann, ag aon leibhéal de struchtúr na heagraíochta, gníomhaíochtaí eagraíochta neamhdhleathaí, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú ar díotáil, príosúnacht saoil nó téarma príosúnachta is lú a chur air nó uirthi.

(3) Maidir le haon ráiteas arna dhéanamh ag an gcosantóir ó bhéal, i scríbhinn nó ar shlí eile, nó aon iompar dá chuid nó dá cuid, asarb intuigthe go raibh, nó a bhféadfaí tátal réasúnach a bhaint as go raibh, sé nó sí tráth ábhartha ag stiúradh gníomhaíochtaí eagraíochta neamhdhleathaí, beidh sé inghlactha mar fhianaise, in imeachtaí maidir le cion faoin alt seo, go raibh an cosantóir á dhéanamh sin an tráth sin.

(4) In imeachtaí faoin alt seo, féadfaidh an chúirt nó an giúiré, de réir mar a bheidh, le linn nó dó a chinneadh an bhfuil cion faoin alt seo déanta, breithniú a dhéanamh freisin, de bhreis ar aon fhianaise iomchuí eile, ar na nithe seo a leanas—

- (a) aon fhianaise ar phatrún iompair ar thaobh an chosantóra a bheadh ag teacht leis an tátal go raibh gníomhaíochtaí na heagraíochta lena mbaineann á stiúradh aige nó aici an tráth ábhartha, agus
- (b) gan mír (a) ná fo-alt (3) a theorannú—
 - (i) an amhlaidh go bhfuair an cosantóir aon tairbhe as an eagraíocht lena mbaineann, agus

- (ii) aon fhianaise i dtaobh seilbh a bheith ag an gcosantóir ar cibé airceadail nó doiciméid nó taifid eile as a n-eascródh amhras réasúnach go raibh na hairceadail, na doiciméid nó na taifid eile sin ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú chun críche a bhaineann le gníomhaíochtaí na heagraíochta lena mbaineann a stiúradh.

(5) Maidir le haon doiciméad nó taifead eile ón eagraíocht lena mbaineann nó a airbheartaíonn gur ón gcéanna é, agus asarb intuigthe an méid seo a leanas—

- (a) (i) ordachán nó ordú nó treoir a bheith á thabhairt nó á tabhairt ag an gcosantóir, an tráth lena mbaineann, d'aon duine atá páirteach san eagraíocht, nó

- (ii) iarraidh a bheith á déanamh ag an gcosantóir, an tráth sin, ar dhuine atá páirteach amhlaidh,

nó

- (b) cúnaimh nó treoir a bheith á iarraidh nó á hiarraidh ag duine atá páirteach amhlaidh, an tráth sin, ar an gcosantóir,

beidh sé, in imeachtaí mar gheall ar chion faoin alt seo, inghlactha mar fhianaise ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta lena mbaineann a bheith á stiúradh ag an gcosantóir an tráth ábhartha.

(6) Déanfar forléiriú ar an abairt ‘taifead eile’ san alt seo a bheidh comhchosúil leis an bhforléiriú dá bhforáiltear le halt 2 d’Acht 1939 i leith na habairte ‘doiciméad’.”.

Éistfear iarratais ar bharántais chuardaigh ar shlí seachas go poiblí.

26.—Déanfar aon iarratas faoi aon aachtachán chuig cúirt, nó chuig breitheamh cúirte, ar bharántas cuardaigh a éisteacht ar shlí seachas go poiblí.